

Splanc 2021-2022

Caibidil 3

Gramadach, caint agus comhrá, ceisteanna, crosfhocail agus anagramaim, tascanna, scéalta, stair, ailt, greann



An aimsir fháistineach

Úsáidtear an aimsir fháistineach chun cur síos a dhéanamh ar rud a tharlóidh amach anseo – i.e., sa todhchaí.

Foclóir úsáideach!

*amárach i gceann tamaill
an tseachtain seo chugainn anocht
as seo amach go deo deo arís
ar ball arú amárach*

Leid

Briathra rialta

☞ An chéad réimniú*

-f(a)idh

-f(a)imid

☞ An dara réimniú*

-eoidh / -óidh

-eoimid / -óimid

☞ Ní chuirtear séimhiú ná **urú** ar an mbriathar, ach amháin **san fhoirm dhiúltach** nó **san fhoirm cheisteach**.

☞ Úsáidtear **ní + séimhiú** san fhoirm dhiúltach agus **an + urú** san fhoirm cheisteach.

* **Caol le caol agus leathan le leathan!**

Na briathra neamhrialta

Déan scrúdú ar na briathra neamhrialta seo a leanas san **aimsir fháistineach**.

Abair *déarfaidh ní déarfaidh an ndéarfaidh?*

Beir *béarfaidh ní bhéarfaidh sn mbéarfaidh?*

Clois *cloisfidh ní chloisfidh an gcloisfidh?*

Déan *déanfaidh ní dhéanfaidh an ndéanfaidh?*

Faigh *faigheann ní fhaighidh an bhfaighidh?*

Feic *feicfidh ní fheicfidh an bhfeicfidh?*

Ith *íosfaidh ní íosfaidh an íosfaidh?*

Tabhair *tabharfaidh ní thabharfaidh an dtabharfaidh?*

Tar *tiocfaidh ní thiocfaidh an dtiocfaidh?*

Téigh *rachaidh ní rachaidh an rachaidh?*

Athscríobh an t-alt seo san aimsir fháistineach.

Rith Pól amach ar na bpáirc peile. Bhí sé ar bís. Mhóthaigh sé an brú. Chonaic sé an lucht féachána. Chaith an réiteoir an liathróid isteach. Bhí Pól réidh. Léim sé san aer agus rug sé ar an liathróid. D'ardaigh sé a cheann. D'fhéach sé timpeall air féin. Thug sé Pablo faoi deara. Chuir sé an liathróid ina threo. Léim Palbo in airde agus rug sé greim daingean ar an liathróid. Ní raibh aon amhras faoi – bhí an cluiche tosaithe!



Cad iad na difríochtaí atá idir an aimsir chaite, an aimsir (ghnáth)láithreach agus an aimsir fháistineach?

Féach siar ar na nótaí sa chaibidil seo – agus ar nótaí do mhúinteora!

An Dialann Mhachnaimh

Freagair na ceisteanna seo thíos agus cabhróidh siad leat machnamh a dhéanamh ar an gcaibidil seo!



- Céard a d'fhoghlaim mé?
- Míniú ar ar fhoghlaim mé?
- Mo shamplaí féin?
- Conas a mhothaím maidir leis na haimsirí éagsúla anois?
- An bhfuil mé múiníneach asam féin maidir leis na briathra neamhrialta sna haimsirí éagsúla?
- An dtuigim an difríocht idir **tá** agus **bíonn**?
- Obair atá le déanamh agam fos?

BÁC le Gaeilge



Tá scéim nua á cur i bhfeidhm ag an Rialtas chun an Ghaeilge a chur chun cinn i mBaile Átha Cliath. Fuair Conradh na Gaeilge €325,000 le déanaí chun an teanga a fhorbairt sa phríomhchathair.

Rachaidh an scéim ar aghaidh go dtí an bhliain 2024 – agus spreagfar gnólachtaí chun Gaeilge a úsáid ina gcuid fógraíochta, ar bhiachláir agus ar láithreáin ghréasáin. Tá suim mhór ag daoine óga sa teanga faoi láthair agus beidh seans acu í a úsáid ar bhonn laethúil i ngnólachtaí éagsúla le cúnamh na scéime seo.

Féachfaidh *BÁC le Gaeilge* le líonra Gaeilge a chruthú i measc ghnólachtaí san ardchathair. Beidh ceanncheathrú Chonradh na Gaeilge á húsáid mar lárionad eolais agus tacaíochta don Ghaeilge agus cabhróidh an scéim le Ceathrú nó Limistéar Gaeilge a bhunú sa chathair mar atá i mBéal Feirste cheana féin.

gnólacht = comhlacht líonra = gréasán *network*
ceanncheathrú = príomhárás

Líon isteach na bearnaí anseo thíos

- 1 an Ghaeilge a ____ ____ ____ i mBaile Átha Cliath... (Alt 1)
- 2 Spreagfar ____ chun Gaeilge a ____.(Alt 2)
- 3 Féachfaidh *BÁC le Gaeilge* le ____ ____ a chruthú. (Alt 3)

Páistí an iarnróid



Beidh an scannán *The Railway Children Return* i bpictiúrlanna ag tús na míosa seo chugainn. Tá sé níos mó ná 50 bliain ó tháinig *The Railway Children* amach den chéad uair – agus tá a lán daoine ag tnúth go mór leis an scannán leantach seo a fheiceáil.

Bunaíodh an chéad scannán ar leabhar den ainm céanna le Edith Nesbit, a foilsíodh sa bhliain 1906. Tá an t-aisteoir, Jenny Agutter, ar ais sa scannán leantach mar Roberta (*Bobbie*) Waterbury, ról a bhí aici, ní hamháin sa chéad scannán (1970,) ach sa tsraith teilifíse ó 1968 freisin.



Baineann scéal an scannáin le grúpa leanaí óga a bogadh amach as cathracha móra go sráidbhaile faoin tuath in Yorkshire, Sasana le linn an Dara Cogadh Domhnada. Nuair a

shroicheann siad an sráidbhaile, buaileann siad le saighdiúir óg atá i bhfad ó bhaile fosta.

scannán leantach *sequel film*
ag tnúth le = ag súil go mór le

Ceist agam ort

- 1 Cathain a bheidh *The Railway Children Return* sna pictiúrlanna? (Alt 1)
- 2 Cé a scríobh an leabhar sa bhliain 1906? (Alt 2)
- 3 Cén áit i Sasana ina bhfuil an scannán suite? (Alt 3)
- 4 An gceapann tú go mbeadh sé deacair bogadh i bhfad ó do bhaile dúchais? Cén fáth?

Féile Cheltenham



Spórt na Ríthe a thugtar ar rásaíocht capall agus, cé nach bhfuil ríthe againn in Éirinn a thuilleadh, tá tóir mhór ar an rásaíocht. Is chuig Féile Cheltenham i Sasana a théann cuid mhór de lucht leanúna na gcapall sa tír seo gach bliain i mí an Mhárta.

Cuireadh i leith Fhéile Cheltenham gur chabhraigh sé leis an gcoróinvíreas a scaipeadh dhá bhliain ó shin. Reáchtáladh an fhéile anuraidh, ach ní raibh lucht leanúna ar bith i láthair. Beidh athrú scéil ann i mbliana nuair a bhaineann na hÉireannaigh (agus muintir na Breataine, ar ndóigh) Prestbury Park amach Dé Máirt 15 Márta do chéad lá na féile.

Is é an *Champion Hurdle* an rás mór ar an gcéad lá, an *Queen Mother Champion Chase* ar an gCéadaoin, an *Ryanair Chase* ar Lá Fhéile Pádraig agus, ar ndóigh, is é an *Cheltenham Gold Cup* an rás mór ar an lá deireanach – an lá dár gcionn. Bíonn dianiomaíocht in Cheltenham gach bliain idir na traenáilaithe Éireannacha agus na traenáilaithe Briotanacha. Beidh le feiceáil cé a thabharfaidh an chraobh leo i mbliana!

tóir = éileamh *demand*
cuir i leith = cuir an milleán ar *blame*
dianiomaíocht = coimhlint ghéar

Fíor nó bréagach?

- 1 Spórt na bPrionsaí a thugtar ar rásaíocht capall. (Alt 1)
- 2 Tosóidh Féile Cheltenham ar 15 Márta i mbliana. (Alt 2)
- 3 Beidh an *Champion Hurdle* ar Lá Fhéile Pádraig. (Alt 3)

Rac-cheol tuaithe den scoth!

Is deirfiúracha iad an banna ceoil *The Staves* – Emily, Jessica, agus Camilla Staveley-Taylor as Watford, cúig mhíle dhéag ó Londain. D’eisigh siad a gcéad albam *Dead & Born & Grown* sa bhliain 2012.




Rac-cheol tíre a sheinneann siad – agus tá clú orthu as an gcomhcheol cruinn a dhéanann siad, rud a bhíonn ann go minic nuair a chanann baill teaghlaigh le chéile. Cumann siad

a gcuid amhrán féin agus seinneann siad an giotár freisin.

Déanfaidh *The Staves* cúig cheolchoirm in Éirinn an mhí seo, ag tosú in Dolan's i Luimneach Dé Céadaoin 23 Márta. Beidh siad san *Helix* i mBaile Átha Cliath an oíche dár gcionn agus san *Empire* i mBéal Feirste ar an Aoine. Dé Sathairn 26 Márta, casfaidh siad sa *Black Box* i nGaillimh – agus Dé Luain 28 Márta, cuirfidh siad críoch leis an gcamchuart in *Cyprus Avenue* i gCorcaigh. Mura bhfuil na deirfiúracha ceolmhara seo cloiste agat fós, tá pléisiúr romhat!

rac-cheol tuaithe *country tock* comhcheol *harmony*

Crosfhocal daoibh!



Trasna

- 2 príomhchathair Shasana (7)
- 5 seisiún ceoil ar stáitse (10)
- 6 cuir amach go poiblí (6)
- 9 grúpa ceoil, _____ ceoil (5)
- 10 scríobh (amhrán), cuir (ceol) le chéile (3)
- 11 sult, sásamh, taitneamh (8)
- 12 deireadh (6)

Síos

- 1 Daid, Mam agus a glann (9)
- 2 cathair i gCúige Mumhan (9)

- 3 an tríú mí (5)
- 4 ceol in armóin (9)
- 7 buail/déan ceol ar uirlis (5)
- 8 cathair i gCúige Chonnacht (8)
- 10 cáil (3)

Freagraí ar an leathanach deireanach

Lá Fhéile Fada!

Bíonn Lá Fhéile Pádraig ar 17 Márta gach bliain, ach i mbliana, beidh lá breise ann! D'fhógair an Rialtas go mbeadh lá saoire bainc eile ann ar 18 Márta in ómós dóibh siúd a d'fhulaing agus a d'éag mar gheall ar *COVID-19* – agus in onóir do na hoibrithe sláinte.



Le dhá bhliain anuas, bhí Lá Fhéile Pádraig i bhfad ní ba chiúine ná mar ba ghnách roimhe sin. Cuireadh mórshíolta ar ceal ar fud an domhain ach, i mbliana, beidh gach duine ag iarraidh cúiteamh a dhéanamh ar an am a cailleadh. Mairfidh an chóisir ceithre lá, mar titfidh 18 Márta ar an Aoine. Mar sin, beidh an deireadh seachtaine ann ina dhiaidh!

Chomh maith leis an lá saoire bainc breise ar an Luan, gheobhaidh na hoibrithe sláinte tosaigh bóinas €1,000 i mbliana, a chabhróidh leo sult a bhaint as an deireadh seachtaine fada. Beidh tuairim is leathmhíliún duine i mBaile Átha Cliath chun breathnú ar an bparáid i lár mhí an Mhárta agus, ar ndóigh, beidh mórshíolta eile ar fud an domhain chomh maith chun onóir a léiriú d'earlamh na hÉireann.

in ómós = in onóir éag = faigh bás
cúiteamh = aisíoch earlamh = pátrún

Tasc beag duit

Dear feisteas le haghaidh Lá Fhéile Pádraig, a mbeidh téama *COVID-19* ag baint leis. Cén saghas íomhánna a mbainfidh tú úsáid astu? Cad iad na dathanna a úsáidfidh tú?

dear *design*

Chuck Taylors!



Creid é nó ná creid, tá na bróga reatha *Converse* nó *Chuck Taylors* céad bliain ar an saol anois! Imreoir cispheile ba ea Chuck Taylor agus, nuair a d'iarr sé ar an gcomhlacht *Converse* bróga cispheile ní ba chompordaí a dhéanamh sa bhliain 1922, tugadh *Chuck Taylor All Stars* orthu ina dhiaidh sin.


Cé go bhfuil *Converse All Stars* ar na bróga reatha is mó a bhfuil tóir orthu le céad bliain anuas, bhí deacrachtaí airgeadais ag an gcomhlacht agus cheannaigh *Nike* iad sa bhliain 2003. Tá ráchairt mhór ar na *All Stars* fós, cé go gceapann roinnt daoine go bhfuil siad go dona ag na cosa toisc nach bhfuil go leor taca iontu.

Tá *Converse All Stars* bána go mór san fhaisean an t-earrach seo freisin. Is féidir iad a chaitheamh le bríste géine. Oibríonn jions gorma leo, ach más mian leat cuma shimplí a bheith agat, caith do chuid *Chuck Taylors* bána le jions dubha agus t-léine nó geansaí dubh.

Rachaidh na bróga ilfheidhmeacha seo go breá le bríste gearr, le sciorta nó le gúna chomh maith.

tóir = éileamh, ráchairt *demand* taca *support*
bríste géine = jions ilfheidhmeach *multifunctional*

Crosfhocal



Trasna

- 1 fadhb (9)
- 6 duine ag imirt (7)
- 8 bróga _____, bróga le bheith ag rith iontu (6)
- 10 liathróid agus ciseán don chluiche seo! (8)
- 11 bríste _____, jions (5)
- 12 cluthar, seascair (10)

Síos

- 2 gnólacht, cuideachta (9)
- 3 dath coitianta ar jions (4)
- 4 éileamh, ráchairt (4)
- 5 365 lá! (6)
- 7 go fóill (3)
- 9 ball éadaigh a chaitear ar uachtar an choirp (7)

Freagraí ar an leathanach deireanach

Madraí treoracha



Tá cara agam atá dall ó rugadh é. Fear breá cairdiúil, a dhéanann a dhícheall dul i ngleic leis na dúshláin atá curtha roimhe ar an saol seo. Ar ndóigh, ní thuigeann sé cad é an rud é radharc na súl, mar ní raibh a leithéid riamh aige. Tuigeann sé an ghrian, mar mothaíonn sé an teas, ach níl dul faoi ná éirí na gréine feicthe aige riamh. Níl aghaidh a mhic feicthe aige ach oiread, cé go mothaíonn sé gach lá é lena méara íogaire, cleachta leis an saol a mhothú seachas é a fheiceáil. Tá madra treorach aige. Barróg an t-ainm atá air, mar go mbeireann gach duine barróga móra air – agus bíonn Barróg breá sásta cur suas le barróga na bpáistí agus na ndaoine fásta. Tá an madra féin séimh, cairdiúil agus cabhrach.

Bíonn an-chuid traenála i gceist do mhadra sula mbíonn sé réidh le bheith ina mhadra treorach. Caitheann sé go leor ama le daoine a thugann aire dó, a dhéanann iarracht eispéiris éagsúla ar an saol a thabhairt dó – ionas go mbeidh sé ábalta déileáil leis an saol agus é ag obair. Ansin, agus é réidh don obair, caitheann an custaiméir roinnt seachtainí leis. Mar shampla, bhí ar mo chara dul go Corcaigh ar feadh trí seachtaine – agus chuir an bheirt acu

aithne ar a chéile. Chuaigh siad i dtaithe a chéile agus d'fhoghlaim siad riachtanais a chéile.

Ansin, tháinig an lá mór agus bhí siad réidh chun an t-ionad traenála a fhágáil agus dul amach sa saol mór le chéile.

Braitheann an duine dall go hiomlán ar an madra chun é a threorú thart sa cheantar, sa bhaile mór agus sna siopaí.

Tá Barróg ina mhadra treorach lánfhásta anois agus, aon uair a mbuaileann mo chara agus é féin isteach, is roimh Bharróg a chuirtear an fháilte is mó – agus ansin, beannaítear do mo chara! Spreagann madraí grá in go leor daoine – agus is é grá do mo chara agus do gach duine againn an tréith is tábhachtaí i mBarróg.



dúshlán *challenge* barróg *hug*
íogair = mothálach *sensitive*
séimh = deas eispéireas = taithí
riachtanais *needs*

Obair duitse

- 1 Cén t-ainm atá ar an madra sa sliocht seo?
- 2 Cad tá speisialta faoin madra sin?
- 3 Cén áit ar chuir Barróg agus cara an údair aithne ar a chéile?
- 4 Déan taighde ar an idirlíon faoin traenáil a dhéantar le madraí treoracha.

Tuilleadh oibre!

- Bain úsáid as na litreacha sna focail *madra treorach* chun focail nua a chumadh. Seo roinnt samplaí duit!
dar treo ceo reo teach
- Déan liosta de na briathra san aimsir chaite san alt thuas. Cuir san aimsir ghnáthláithreach iad.
- Féach ar na nathanna cainte seo thíos. I ngach cás, aimsigh an chiall mheafarach atá le gach ceann acu in teanglann.ie. Cum scéal ina mbeidh, ar a laghad, ceann amháin acu in úsáid agat – agus ciall an natha sin soiléir ó imeachtaí an scéil.

madra draoibe a dhéanamh de dhuine

Tá a fhios sin ag madraí an bhaile.

Is fearr duit an madra gearr leat ná i d'aghaidh.

*An té a bhuaileadh mo mhadra,
bhuaileadh sé mé féin.*

Tá an madra marbh!

Ag cur madraí i bhfuinneoga.

Spideoga



Ceann de na héin is so-aitheanta i ngairdíní na hÉireann í an spideog – nó an broinne-deargán. Bíonn sí le feiceáil sa gheimhreadh, go háirithe agus tochailt á déanamh. Tagann sí an-chóngarach do dhaoine – agus is furasta a chreidiúint gurb í an cara is fearr ar domhan í agus tú ag caint léi, ag féachaint uirthi nó ag feadaíl uirthi. Ach is é fírinne an scéil ná go mbíonn

bia á lorg ag an spideog sa talamh a bhíonn tochailte agat! Piast ar bith a bhogann tar éis duit an chré a iompú, is í sin dinnéar na spideoige. Is cosúil nach mbíonn eagla uirthi roimh dhaoine – agus cén fáth a mbeadh nuair is féidir léi éalú suas san aer am ar bith is mian léi.



Canann na spideoga fireanna go minic – agus bíonn comórtais eatarthu fiú, ina gcanann dhá cheann acu le chéile. Is annamh a chanann na spideoga baineanna, ach amháin le linn séasúr na cúplála. Tugann siad an-aire dá dtalamh féin – nó dá nead féin, ba cheart a rá. Cé go mbíonn cuma shuaimhneach orthu agus iad ag lorg bia, bíonn siad réidh le troid go bás má ionsaíonn éin eile an nead acu. Déanann siad ionsaí ar éin mharbha, ar éin bhréige – agus ar rud ar bith a mhothaíonn siad a bheith ina bhagairt. Bí airdeallach!

Má bhíonn tú féin suaimhneach agus spideog in aice leat, áfach, féach isteach sna súile air nó uirthi. Súile móra iad, a bhfuil cuma orthu an t-éan a bheith éirimiúil agus go dtuigeann sé thú. Oireann na súile seo, agus an radharc a théann leo, don saghas saoil a chaitheann an spideog – tochailt in áiteanna dorcha chun teacht ar lón an lae. Ní bhíonn brollaigh dhearga ar na héin bheaga. Éiríonn siad dearg de réir mar a fhásann siad. Ceaptar go

dtarlaíonn sé sin chun na héin bheaga a chosaint ar ionsaí óna dtuismitheoirí féin!

Tugtar *spideog* ar chailín beag tanaí freisin – nó ar bhraon a thiteann ón tsrón!

so-aitheanta *easily recognized*
broinndeargán *robin redbreast*
tochailt = rómhar *digging*
piast = péist *worm* cúpláil *mating*
ionsaí = ruaig *attack*
brollach *breast*

Obair duitse

- 1 Cén fáth a suíonn spideoga ar spád i ngairdín?
- 2 Cén dath a bhíonn ar bhrollach spideoige nuair a thagann sí ar an saol?
- 3 Cé acu – spideoga fireanna nó spideoga bainneanna – is mó a chanann?
- 4 Déan taighde ar spideoga ar an idirlíon agus scríobh alt gearr fúthu.
- 5 Cum a oiread focal agus is féidir leat ó na litreacha san fhocal, *spideoga*. Seo roinnt samplaí duit.

ga de--- deo go

- 6 Déan cur i láthair don rang ar an spideog i dtraidisiún na hÉireann. Aimsigh scéalta faoi spideoga, piseoga a bhaineann leo agus nasc idir an spideog agus an bás.

Tuilleadh oibre!

Scrúdaigh na nathanna cainte faoi chló iodálach thíos. Baineann gach ceann acu le héin agus tá ciall mheafarach acu ar fad. Agus an suíomh teanglann.ie in úsáid agat, faigh amach brí gach ceann acu agus cuir in abairt é a léiríonn an bhrí sin.

*chomh lag le héan i mbarrach
bainne cíche na n-éan
Dhéanfadh sé bia éan díot.
éan corr
Sciurdann éan as gach ealta.
éirí le giolcadh an éin*

Madraí cáiliúla

Ní haon ghnáthmhadraí atá faoi chaibidil agam anois. Tá siad mór, éirimiúil, cineálta, séimh, dílis agus sciambhach. Tá clú agus cáil orthu in Éirinn agus cónaíonn beirt acu in Áras an Uachtaráin. *Bród* agus *Misneach* is ainm dóibh. Is fíor a rá go bhfuil an t-ainm *Síoda* fós ar bhéalaibh daoine in Éirinn, mar bhuail tocht bróin muid ar fad nuair a chualamar go bhfuair madra an Uachtaráin den ainm sin bás.



Ba san Eilbhéis a riaradh an saghas seo madra den chéad uair – agus dá bharr sin tugtar madra sléibhe beirneach air. Madra oibre a bhí ann ó thús.

Roghnaíonn daoine iad mar pheataí anois, áfach, mar tá na tréithe ar fad a luadh thuas iontu – éirim, cineáltas, séimhe, dílseacht agus scéimh.

Is madraí maithe teaghlaigh iad na madraí sléibhe beirneacha, mar éiríonn siad an-chairdiúil le daoine. Tá sé éasca iad a thraenáil agus bíonn siad an-bhéasach leis na comharsana.

Bíonn cóta mór fionnaitheach ar an

madra seo agus is deas é a scuabadh go maith uair sa tseachtain. Ní maith leis dul ag snámh i loch ná san fharraige, ach is breá leis lapadaíl san uisce. Tá siad costasach mar mhadraí, ar ndóigh, ach nach bhfuil Uachtarán na tíre seo tar éis a thaispeáint dúinn gur fiú iad?


éirimiúil = intleachtach séimh = taitneamhach

sciamhach = álainn béalaibh = béil
tocht = mothú brónach beirneach *bernese*
fionnaitheach = clúmhach *furry*
lapadaíl = slaparnach *splashing*

Ceisteanna

- 1 Cad is ainm don dá mhadra atá ag an Uachtarán na hÉireann?
- 2 Cén tír inar tógadh an madra sléibhe beirneach ó thús?
- 3 Cad chuige a roghnaíonn daoine na madraí sin mar pheataí?
- 4 Cén fáth, dar leat, nach maith leo snámh i loch nó san fharraige?

Crosfhocal daoibh!



Trasna

- 1 clúmhach (13)
- 3 daor (9)
- 6 álainn (9)
- 9 faoi _____, á phlé (9)
- 10 sórt, cineál (6)
- 13 slaparnach (8)
- 14 toirtiúil, ard, gan a bheith beag (3)

Síos

- 2 an _____, tír san Eoraip (8)
- 4 lách, cairdiúil (8)
- 5 athair, máthair agus a gclann (9)
- 7 intleachtach, cliste (9)
- 8 tairiseach (5)
- 11 taitneamhach, deas (5)
- 12 ceart, gan a bheith bréagach (4)

Freagraí ar an leathanach deireanach

Béile blasta

Leagtar an-bhéim ar bhia maith na laethanta seo. Bítear ag iarraidh teacht ar oidis do bhéilí a bhíonn éasca a dhéanamh agus nach dtógann mórán ama le hullmhú, áfach. A bhuí leis na hIodálaigh tá taithí mhaith ag Éireannaigh ar phasta agus níl mórán stró ag baint le béile deas a dhéanamh as pasta agus anlann. Seo duit, mar sin, oideas do bhéile atá chomh héasca sin a ullmhú, gur féidir le duine nach ndearna béile riamh triail a bhaint as!



Comhábhair

- 175g pasta (penne, is fearr)
- 2 ionga gairleoige
- Lán glaice basail
- 4 spúnóg boird ola olóige
- Craiceann agus sú ó dhá líomóid
- 50g cáis Parma
- salann agus piobar

Modh

- Cócaraíl an pasta i bpota mór uisce bheirithe de réir na dtreoracha atá ar an bpaicéad.
- A luaithe is a bhíonn sé *al dente* (gan a bheith róchrúa agus gan a bheith róbhog) bain an t-uisce den phasta.
- Brúigh an ghairleog go dtí go mbíonn sí ina taos.
- Mionstíall na duilleoga basail le do mhéara.
- Grátáil craiceann na líomóide.
- Brúigh an sú amach as an líomóid.
- Grátáil an cháis Parma.
- Measc an ghairleog, an basal, an ola, an cháis Parma, craiceann agus sú na líomóide agus an salann agus pioibar le chéile go dtí go mbíonn taos agat.
- Cuir an taos isteach leis an bpasta agus corraigh é go maith.
- Dáil ar phláta é agus croith a thuilleadh cáis Parma ghrátáilte anuas air.
- Bain sult as!
oideas = liosta treoracha chun bia a **ullmhú**
ológ *olive* sú *juice* taos *paste*
mionstíall = gearr go mion, mionghearr



Leid duit!

Bíonn sailéad úr an-deas leis an mbéile seo.

Obair bhreise


- Tá leabhair chócaireachta ar fáil as Gaeilge. An féidir libh teacht ar theideal ceann ar bith díobh?

- An bhfuil aon oideas agat ar mhaith leat a roinnt leis an rang?



Aiséirí!

Tá *ABBA* ar ais le chéile mar ghrúpa agus an-chuid daoine ag caint fúthu. Banna popcheoil ón tSualainn iad, a chan le chéile idir na blianta 1972 agus 1982. Ceathrar a bhí sa ghrúpa – dhá lánúin phósta. Bhain siad clú agus cáil amach nuair a bhuaigh siad Comórtas na hEoraifíse sa bhliain 1974. Ba é an t-amhrán a chas siad don chomórtas ná *Waterloo*.



Acrainm atá in ainm an ghrúpa, mar baineadh úsáid as an gcéad litir de chéadainm gach duine díobh – Agnetha, Benny, Björn agus Anni-Frid – agus, ar ndóigh, is palandróm é freisin.

Tar éis dóibh an chéad áit a bhaint

amach ag an leibhéal Eorpach, ghlac sé tamall maith ar an ngrúpa na sluaite a mhealladh chuig a chuid ceolchoirmeacha. Faoi dheireadh, áfach, d'éirigh le trí amhrán dá gcuid an pobal Eorpach, pobal Mheiriceá, pobal na hAstráile agus pobal na Nua-Shéalainne a mhealladh. Ba iad *S-O-S*; *Mamma Mia* agus *I do, I do, I do, I do*, *I do* teidil na n-amhrán sin.

Cé nár cuireadh deireadh foirmiúil leis an mbanna riamh, glacadh leis gur tháinig deireadh leis sa bhliain 1982. Ach sa bhliain 2022, caoga bliain tar éis dóibh teacht le chéile den chéad uair, tá an ceathrar ar ais ag canadh le chéile arís! Ní hamháin sin, ach chuir siad iontas ar a lucht leanúna nuair a ainmníodh iad do ghradam *Grammy*.
 lánúin = beirt atá pósta nó ina gcónaí le chéile
 acrainm *acronym* palandróm *palindrome*
 foirmiúil = foirmeálta



Ceisteanna

- 1 Cén tír arb as do bhail an bhanna *ABBA*?
- 2 Céard a tharla sa bhliain 1974?
- 3 Ainmnigh trí thír inar bhain siad cáil amach.
- 4 Cén t-athrú a tharla sa bhliain 2002?



Obair bhreise, spraoi agus taighde!

- An bhfuil aon cheann de na trí amhrán a luaitear in alt a trí thuas ar eolas agaibh?
- Ar éirigh le *ABBA* an gradam *Grammy* a fháil riamh?
- Tugaigí sampla eile d'acrainm. An bhfuil sampla spéisiúil le fáil i measc na n-ainmneacha atá in bhur rang féin?
- Céard is brí le *palandróm*? An féidir libh smaoineamh ar roinnt samplaí?
- Ainmnigh roinnt amhrán eile de chuid *ABBA*.
- Cén buntáiste a bhíonn ag banna a thagann le chéile arís tar éis caoga bliain, dar leat?
- An bhfuil aon bhanna nua-aimseartha a bheidh fós le chéile sa bhliain 2072? Cad chuige a gceapann tú é sin?
- Cén aois a bheidh tú féin ag an am sin?
- An bhfuil aon eolas agat faoi na deacrachtaí a bhí ag bail an bhanna *ABBA*?
- An bhfuil a fhios agat cén fáth ar chaith an banna éadaí aisteacha sa bhliain 1974?

An Cuan

Ó am go ham bíonn cláir fhaisnéise anmhaithe ar TG4. Ar ndóigh, is áis iontach é an *Player*, mar fágann sé gur

féidir leat breathnú ar chlár sna laethanta ina dhiaidh má chailleann tú é ar chúis amháin nó ar chúis eile.

Is faoi Chuan Bhaile Átha Cliath an clár taitneamhach dar teideal, *An Cuan*, a taispeánadh ar TG4 i míonna na Samhna. agus na Nollag anuraidh. Ceithre eipeasóid a bhí ann, de réir na séasúr – an t-earrach; an samhradh; an fómhar agus an geimhreadh.

Tugtar léargas an-taitneamhach ann ar áilleacht an chuain, ar an dúlra, ar an obair ar fad atá idir lámha ag daoine ar an gcuan, ar an éagsúlacht spóirt agus ar líon na n-ainmhithe agus na n-éan atá ar fáil ann. Cuirtear ar ár súile cé chomh mór is atá an t-ádh ar mhuintir Bhaile Átha Cliath áis mar an cuan a bheith ar leac an dorais acu.

Tá leagan amach an chlár an-mhealltach agus tá an ghrianghrafadóireacht go han-mhaith ar fad. Ar ndóigh, tá fadhbanna sa chuan – truailliú, salachar, bagairt don dúlra, d’ainmhithe is d’éin. Ach éiríonn leis an gclár an lucht féachana a mhealladh chun tuiscint a fháil ar éagsúlacht agus ar áilleacht an chuain – agus ar an bhfreagracht atá ar gach duine a bhaineann úsáid as aon cheann de na buntáistí a bhaineann leis.

clár faisnéise *documentary*
mealltach *attractive*


Ceisteanna

- 1 Cén cainéal teilifíse atá i gceist sa sliocht?
- 2 Luaigh an sórt clár atá i gceist?
- 3 Céard faoi an clár atá faoi chaibidil sa sliocht?
- 4 Cén léargas a thugtar sa chlár?
- 5 Cad deirtear faoin lucht féachana?
- 6 Ar mheall an t-eolas tú chun breathnú ar an gclár?

Leid daoibh

Is fiú go mór féachaint ar an gceithre eipeasóid den chlár seo. Is ábhar iontais é an méid atá ar siúl sa chuan. Leanann gach clár 50 nóiméad agus is féidir teacht ar fhotheidil i nGaeilge nó i mBéarla.

Crosfhocal!



Trasna

- 2 bomaite (7)
- 5 séasúr na nóiníní! (4)
- 7 fáth (4)
- 9 tarraingteach (9)
- 11 bá, áit a dtagann báid isteach (4)
- 12 féachaint (8)
- 13 alt, mír, giota le léamh (7)
- 14 neacha a eitlíonn san aer (3)
- 15 séasúr na gréine (8)
- 16 an triú séasúr

Síos

- 1 earrach nó samhradh, mar shampla (6)
- 3 nádúr (5)
- 4 an séasúr stoirmiúil?(10)
- 6 cur síos, radharc soiléir san intinn (7)
- 8 deannach, smál a thruaillíonn rud (8)
- 10 ba agus caoirigh, mar shampla (9)
- 11 ____ teilifíse, stáisiún teilifíse (7)

Freagraí ar an leathanach deiridh

Stádas na Gaeilge

don Aontas Eorpach sa tír seo freisin.



Ar an gcéad lá d'Eanáir i mbliana, tugadh stádas oifigiúil don Ghaeilge san Aontas Eorpach. Nuair a tháinig Éire isteach san Aontas (sa Chomhargadh) sa bhliain 1973 tugadh stádas conartha don tír seo. Bhí sé sin teoranta agus níor ghá ach cuid den obair a bhí ar siúl san Aontas a chur ar fáil trí Ghaeilge.

Sa bhliain 2007 tháinig feabhas ar an scéal agus rinneadh teanga oibre den Ghaeilge, ach fós ní raibh an tábhacht chéanna aici is a bhí ag mórtheangacha n hEorpa.

Is ábhar mór bróid agus sásaimh dúinne mar Ghaeil anois, áfach, go bhfuil stádas oifigiúil iomlán ag an nGaeilge. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an seasamh céanna ag an nGaeilge is atá ag na trí is fiche teanga oifigiúla eile atá san Aontas Eorpach. Tiocfaidh méadú mór ar líon na nGaeilgeoirí a bheish fostaithe sa Bhruiséil as seo amach – agus beidh daoine le Gaeilge ag obair

Tá teaghlaigh á dtógáil le Gaeilge sa Bhruiséil agus deis acu staidéar a dhéanamh ar an teanga sa Scoil Eorpach. Más spéis leatsa an Ghaeilge beidh deiseanna agat í a bheith in úsáid agat ar ardleibhéal mar chuid de do shaol laethúil. Bí ag faire amach agus feicfidh tú athruithe ó thaobh stádas na teanga sa tír seo freisin!

stádas conartha *contract status* teoranta
limited
an Bhruiséil *Brussels*

Ceisteanna

- 1 Cén t-athrú stairiúil a tharla ar an gcéad lá d'Eanáir 2022?
- 2 Céard é an t-ábhar bróid agus sásaimh atá ag na Gaeil anois?
- 3 Cad iad na tagairtí a dhéanann an t-údar don Bhruiséil sa sliocht?
- 4 An dóigh leat go bhféadfadh post a bheith agat ina mbainfidh tú úsáid as do chuid Gaeilge?

Má tá suim agat i gcúrsaí reatha, b'fhiú duit breathnú ar an suíomh idirlín seo –

<https://www.consilium.europa.eu/ga/>

Roinnt taighde duit

Le cabhair ón idirlíon, aimsigh ainmneacha na dtíortha uile atá san Aontas Eorpach agus na bpríomhtheangacha a labhraítear iontu. Ansin, le cabhair ó www.tearma.ie,



breac síos ainmneacha na dtíortha agus na dteagacha sin i do chóipleabhar.

Uaimheolaí



Nuair a bhíonn daltaí ag roghnú cúrsa ollscoile baineann go leor acu úsáid as an suíomh idirlín [qualifax/ie](http://qualifax.ie). Labhraíonn go leor acu leis an múinteoir gairmthreorach sa scoil freisin. Ach an bhfuil sé deacair eolas a fháil faoi phoist éagsúla, spéisiúla. Cé mhéad dalta a thuigeann aon rud faoin obair a dhéanann uaimheolaithe? Bíonn saineolas ag uaimheolaí faoi gach rud a bhaineann le huaimh nó le pluais. De ghnáth déanann duine staidéar ar eolaíocht ar dtús agus, ina dhiaidh sin, cúrsa speisialta san uaimheolaíocht.

uaimheolaí = saineolaí ar uaimheanna
uaimh = pluais *cave*
saineolas = eolas speisialta cruinn

An tSínis – teanga scoile?

Ar chóir go mbeadh an tSínis á múineadh i níos mó scoileanna sa tír seo? Seo í an chéad bhliain ar féidir an teanga a dhéanamh mar ábhar san



Ardteist. Ar nós scrúduithe i dteangacha eile beidh páipéar scríofa, cluastuiscint agus scrúdú cainte i gceist. Dar libhse, céard íad na buntáistí a bheidh ag daltaí a dhéanann staidéar ar an tSínis?

Bígí ag caint!

Le linn na paindéime leagadh béim mhór ar áiseanna amuigh faoin aer a bheith ar fáil don phobal. I measc na n-áiseanna sin bhí:

- **cosáin siúlóide cois abhann, cois locha, cois canálach, cois farraige, ar phortaigh agus i bpáirceanna poiblí**
- **suíocháin in áiteanna poiblí**
- **spás le suíocháin ag bialanna agus le caiféanna faoin aer**
- **fearas aclaíochta i bpáirceanna poiblí.**

Obair bheirte

Freagraí os ard na ceisteanna thíos faoin gceantair ina bhfuil sibh in bhur gcónaí.

- 1 Ón liosta seo thíos, piocaigí amach na háiseanna atá in bhur gceantar.
*cosán cois locha/farraige/trá/
dumhcha/abhann/portaigh
suíocháin poiblí, lána rothar*

*fearas aclaíochta poiblí,
caifé/bialann faoin aer,
fothrach caisleáin.*

2 Céard iad na háiseanna thuas is mó a mbaineann tú féin is do chairde úsáid astu?

3 Cad iad na háiseanna spóirt atá in bhur gceantar?

páirc peile, cúirt leadóige, raon reatha,

cúirt chispheile, cúirt scuaise,

cumann rámhaíochta,

scoil mharcaíochta, linn snámha cúrsa gailf, cúirt bhadmantain/haca.

4 An féidir libh cur leis an liosta i gceist a trí?

dumhach sand-dune

dumhcha sand-dunes

fothrach ruin

Is beag spóirt nach mbíonn fearas nó feisteas faoi leith ag teastáil chuige. Léigí an fearas thíos amach os ard agus abraigí i ngach cás cén spóirt lena mbaineann sé.

liathróid ubhchruthach, eiteán, maide rámha, ciseán.

eangach. bád, sliotar, camán

Cén spóirt lena mbaineann an feisteas thíos? (Ná déanaigí dearmad gur minic níos mó ná spóirt amháin a bheith i gceist!)

culaith shnámha, culaith reatha, geansaí, clogad, spéaclaí cosanta, stocaí fada, bróga peile, loirgneáin, cosaint fiacla, seaicéad tarrthála



Féachaigí ar an ngreille thíos agus meitseálaigi na focail/nathana ar thaobh na láimhe deise le focail/nathana a bhaineann leo ar thaobh na láimhe clé.

| | | | |
|---|--------------------------|---|------------------------|
| 1 | an chéad áit | A | bonn cré-umha |
| 2 | an dara háit | B | cluiche leathcheannais |
| 3 | an tríú háit | C | bonn óir |
| 4 | Craobh Peile na hÉireann | D | seaimpíní |
| 5 | Imreoir na Bliana | E | cluiche ceannais |
| 6 | babhta na mbuaiteoir í | F | Corn Mhig Uidhir |
| 7 | buaiteoirí na craibhe | G | bonn airgid |
| 8 | babhta leath craibhe | H | gradam |



Roghnaigí spóirt amháin agus freagraigí na ceisteanna thíos faoi.

- 1 Cá mbíonn an spóirt sin ar siúl?
- 2 Cén fearas a bhíonn ag teastáil?
- 3 Cén feisteas a bhíonn ar na rannpháirtithe?
- 4 Cén comórtas a bhíonn i gceist?
- 5 An imrítear an spóirt sin istigh nó amuigh faoin aer?

- 6 An mbíonn foirne i gceist?
- 7 Cén duais a bhronntar ar na buaiteoirí?
- 8 An bhfuil lucht leanúna mór ag an spórt sin?

tar éis neart rásaí eile a bhuaich. Is beag duine a cheap go mbeadh mná in ann a bheith chomh hiontach sin ag rásaíocht na gcapall, ach tá sé sin cruthaithe ag Rachael anois!

umhal = uiríseal *humble* cúthail *shy*

Rachael rathúil!

Go hiondúil taitníonn duine atá ciúin agus umhal le daoine eile. Nuair a scríobh tuairisceoir nuachtáin alt faoin marcach, Rachael Blackmore, cúpla bliain ó shin, dúirt sí leis nár ghá grianghraf di a chur leis an alt. Is léiriú é sin ar chomh ciúin agus chomh humhal is atá duine de phríomh-phearsantachtaí spóirt na hÉireann.

An bhliain seo caite bhuaigh Blackmore an duais, Pearsantacht Spóirt na Bliana le *The Irish*



Times, RTÉ agus *BBC*. Ba í an chéad Éireannach riamh a bhuaigh duais *BBC*. Mar dhuine atá cúthail agus ciúin go nádúrtha, bhí sé go deas aitheantas a fháil mar a fuair sí.

Ar ndóigh, ba é an duais ba mhó a bhuaigh Rachael Blackmore riamh an rás is cáiliúla i Sasana, an *Aintree Grand National* anuraidh. Níor éirigh le bean an rás mór sin a bhuaich riamh, cé go bhfuil mná ar nós Katie Walsh agus Nina Carberry

Obair bheirte

Ag obair le chéile, déanaigí roinnt taighde faoi Rachael Blackmore:

- Cár b as í?
- Cén aois í?
- Cén bhunscoil ina raibh sí?
- An bhfuil marcaigh eile sa teaghlach?
- Ar tharla timpiste di riamh?



Cáirióicé!

Sa bhliain 2004 bhuaigh fear darb ainm Daisuke Inoue Duais Síochána Ig Nobel, nuair a chruthaigh sé gléas a rinne ní b'éasca dúinn am a chaitheamh le chéile. Sa bhliain 1971, agus é ag obair i gclub oíche in Kobe sa tSeapáin, chruthaigh Daisuke meaisín cáirióice (*karaoke*). Rinne sé taifeadadh ar phopamhráin ag baint úsáide as an meaisín, ach d'athraigh sé dhá rud! Rinne sé an taifeadadh i ngléas ní b'ísle agus d'fhág sé an príomhghlór amach. Ceaptar gurbh é sin an cheád mheaisín cáirióice riamh ar domhan!



Níor thuill Daisuke oiread is pingin leis an meaisín nua, ach b'fhéidir gurbh amhlaidh ab fhearr. Thosaigh go leor daoine ag oscailt clubanna *karaoke* sa tSeapáin agus fós, go dtí an lá atá inniu ann, tá an-cháil ar an tír dá bharr. San Eoraip agus i Meiriceá bíonn níos mó éilimh ar chluichí ríomhaireachta ar nós *Sing Star* nó fiú *Guitar Hero*. Is é an príonsabal céanna a bhíonn i bhfeidhm, áfach. Bíonn an duine leis an micreafón ina láimh ag glacadh áit a chuid laochra – agus an meaisín nó an cluiche ag tabhairt seans do dhaoine an bhrionglóid sin a fhíorú. Is éard is brí le *karaoke* sa tSeapáinis ná *ceolfhoireann fholamh*!

Meaitseáil na focail/frásaí ar chlé thíos le focail/frásaí ar aon dul leo sa cholún ar dheis.

| | | | |
|----|---------------|---|------------------------------|
| 1 | gléas | A | meastar |
| 2 | ní b'éasca | B | Na Stáit Aontaithe |
| 3 | ceaptar | C | cóipeáil fuaime |
| 4 | Meiriceá | D | in úsáid |
| 5 | i bhfeidhm | E | uirlis mheicniúil |
| 6 | éileamh | F | ní b'fhusa |
| 7 | ceolfhoireann | G | karaoke |
| 8 | meaisín | H | airde nóta ar an scála ceoil |
| 9 | cáirióice | J | daoine ag lorg ruda |
| 10 | taifeadadh | K | buíon mhór cheoltóirí |

Cár b as thú?

Samhlaigh club mór sacair ar nós *Liverpool* ag rá go gcaithfeadh imreoir a bheith as Learpholl le go ligfí amach ar an bpáirc imeartha é! Ach, creid nó ná creid, nuair a bhuaigh *Celtic* Corn na hEorpa sa bhliain 1967, rugadh 13 as an 15 imreoirí a bhí ar an bhfoireann laistigh de dheich míle ón gceantar céanna i nGlaschú.



Sa lá atá inniu ann is beag foireann ag an leibéal is airde ina dtagann

grúpa ón tír chéanna – gan gan a bheith ag caint faoin gceantar céanna! Ón mbliain 1912 ar aghaidh, ba é polasaí club darb ainm *Athletic Bilbao* i dtuaisceart sa Spáinne go gcaithfeadh na himreoirí teacht ó cheantar na mBascach!

In éindí le *Real Madrid* agus *Barcelona*, bhunaigh *Athletic* príomhléig shacair na Spáinne, an *Primera División*, sa bhliain 1929. Tá

beagán níos mó cáil ar an dá fhoireann eile sin, ach d'éirigh leo an cháil sin a bhaint amach le cúnamh ó imreoirí ó áiteanna éagsúla ar fud an domhain.

Tá sé dochreidte gur éirigh le *Athletic Bilbao* corn agus léig na Spáinne a bhuanach sa bhliain 1984 – agus tá sé dochreidte freisin go bhfuil siad fós ag imirt, ní hamháin ag an leibhéal is airde sa Spáinn, ach go mbíonn siad ag iomaíocht sa *Europa League* anois is arís freisin!

in éindí = in éineacht



Anagram daoibh!

An féidir libh na hanagram thíos a scaoileadh? Tá na focail ar fad ar fáil sa sliocht thuas.

raac; nniorafe; lasaopí; ctarean; norc; creatsiaut; gériih; etdodeirhc; éilg

Freagraí ar an leathanach deiridh

Margairín

Ar fud Mheiriceá ag deireadh an naoú haois déag, bhí iarracht mhór á déanamh ag feirmeoirí déiríochta deireadh a chur le díolachán margairín. De réir dlí amháin a cuireadh i bhfeidhm, bhí ar lucht táirge margairín dathanna eile seachas buí a úsáid. In Vermont bhí sé i gcoinne an dlí margairín a dhíol mura mbeadh dath pinc air!



Ba le linn ré Napóleon a tháinig margairín chun cinn. Bhí im róchostasach agus bhíothas ag lorg bia eile cosúil leis. Ceimiceoir darbh ainm Hippolyte Mège-Mouriès a chuir oideas le chéile don im nua seo. Francach ba ea é, ach níor éirigh leis an smaoineamh ina thír féin, mar bhí na Francaigh róthugtha d'im.


D'éirigh go rímhaith leis i Meiriceá, áfach. Ní raibh rogha ró-iontach ann do dhaoine nach raibh in ann im a cheannach agus níorbh fhada go raibh díolachán mór ar mhargairín. Dá bharr sin, tugadh dlíthe aisteacha isteach, gearradh cáin ard ar mhargairín agus bhí sagairt ag rá go poiblí nár bhia naofa é an margairín bocht!

De réir a chéile, tháinig deireadh leis an ngéarleanúint agus thosaigh comhlachtaí ag díol margairín arís.

Sna seachtóidí bhí Meiriceánaigh ag ithe neart de. Fós féin, is faoi scáth an ime atá sé – *Chomh maith sin nach gcreidim nach im é!* atá mar ainm ar cheann de na comhlachtaí móra margairín i Meiriceá, ainm fada, ach éifeachtach.

táirge *product* ré = tréimhse oideas *recipe*
géarleanúint *persecution*

Crosfhocal daoibh!



Trasna

- 1 áit ina bhfuil na Stáit Aontaithe (8)
- 2 duine i mbun feirme (9)
- 4 duine ón bhFrainc (8)
- 6 ball den chléir (6)
- 7 cód rialacha tíre, an _____ (3)
- 8 teideal, cáil, clú (4)
- 9 beannaithe (5)
- 12 bia déanta as ola phlandúil (9)
- 13 cumann, gnólacht, cuideachta (9)

Síos

- 1 sásúil, fóna (5)
- 3 daor (9)
- 4 a chontráil an fhocail *gairid* (4)
- 5 airgead a íoctar ar ioncam (4)
- 6 gníomh a dhéantar san intinn (10)
- 10 ar dhath an óir (3)
- 11 bia déanta as uachtar bainne (2)

Freagraí ar an leathanach deiridh

A leithéid d'éacht!



Sa bhliain 2020 ghlac an Loch Mór-Caisleán Laighnigh (*Loughmore-Castleiney*) páirt sna craobhchluichí contae peile agus iomána. Ní éacht neamhghnách é sin i gluichí Chumann Lúthchleas Gael, creid é nó ná creid. Tá cáil ar Chill Mochuda na Crócaigh i mBaile Átha Cliath, ar Nemo Rangers i gCorcaigh agus, ar ndóigh, ar Shleacht Néill i nDoire mar chlubanna a imríonn peil agus iomáint. Faraor, chaill *Loughmore-Castleiney* an dá chraobh arú anuraidh.

Is i gContae Thiobraid Árann atá *Loughmore-Castleiney*. Ceann de na contaetha is láidre sa dá spórt – peil agus iomáint – is ea Tiobraid Árann. Tá sé de cháil orthu féin agus ar Chorcaigh gurb iad an t-aon dá chontae sa tír a bhuaigh an príomhchomórtas peile agus iomána in aon bhliain amháin – agus ní dhearnadh an t-éacht sin arís le tríocha bliain anuas!



Sa bhliain 2021 shroich fir *Loughmore-Castleiney* an dá chraobhchluiche arís! Is é an rud atá thar a bheith eisceachtúil faoi fhoireann *Loughmore-Castleiney* ná gurb iad na fir chéanna a imríonn ar an dá fhoireann. Nuair a bhuaigh Corcaigh *Sam* agus *Liam* i 1990, d'imir beirt sa dá chluiche – agus b'éacht ann féin é sin!

Tar éis an dá bhriseadh croí arú anuraidh, bhí muintir *Loughmore-Castleiney* ar bharr an tsaoil nuair a bhuaigh siad an pheil. Níor chreid

mórán daoine, áfach, go n-éireodh leis na fir chéanna dul ar ais coicís ina dhiaidh sin agus craobh na hiomána a bhuanach freisin. Nárbh orthu a bhí an dul amú!

eisceachtúil = iomadúil *exceptional*

Obair bheirte

- Cumaigí cúig cheist bunaithe ar an eolas thuas.
- Tugaigí na ceisteanna le freagairt do bheirt eile sa rang.

Foclach

Tá cluiche nua, *Foclach*, ag scaipeadh go tapa i measc Gaeilgeoirí an domhain agus is leagan Gaeilge é den chluiche *Wordle*. Cluiche thomhas focail ar líne atá ann, ina mbíonn sé sheans ag an imreoir focal le cúig litir a thomhas.



Ar dtús cuireann tú isteach cúig litir randamacha ar an gcéad líne den chluiche agus brúnn tú an cnaipe, *tomhas*. Faigheann tú amach ansin cad iad na litreacha astu atá ceart agus san *áit* cheart, mar cuirtear bosca glas timpeall orthu. Cuirtear boscaí donna timpeall litreacha a bhíonn ceart, ach a b'íonn san *áit mhícheart*. Bíonn bosca gorm timpeall litreacha nach mbíonn san fhocal in aon chor.

Tugann na dathanna seo an-chabhair duit agus tú ag iarraidh tomhas eile a dhéanamh ar an gcéad líne eile.

Rud atá an-éifeachtach ná go bhfeictear an teachtaireacht, ‘Níl X sa stór focal,’ má chuireann tú focal gan chiall isteach agus nach ann dó!

Bíonn rogha idir dhá mhód – mód laethúil ina mbíonn focal amháin le tomhas gach 24 uair an chloig agus ar féidir roinnt ar líne nó mód cleachta a thugann deis duit imirt chomh minic agus is maith leat. Ní féidir iad seo a roinnt ar líne, áfach.

Is féidir do chuid staitisticí imeartha a fheiceáil tar éis gach cluiche, rud a thaitneoidh le roinnt daoine, ach a chuirfidh roinnt eile le báiní!

Innealtóir bogearraí darbh ainm Jonathan Feinberg a chruthaigh *Wordle* ar dtús –mar bhronntanas dá bhean – agus ba í Linda Keating a chruthaigh an leagan Gaeilge.

Tá súil agam nach gal soip* a bheidh ann duit féin!

tomhas = buille faoi thuairim *guess*
le báiní = ar mire
gal soip = toighis *fad, craze*

Cúpla ceist duit

- Ar chuala tú faoi *Foclach* roimhe seo?
- Ar bhain tú triail a bhaint as? Ar éirigh leat?

An gol nó gáire a dhéanfaidh tú?

In Nevada agus in Washington fástar oinniúin nach gcuireann duine ag caoineadh! *Sunions* a thugtar orthu agus b'obair tríocha bliain iad a chruthú! Ní earraí géinmhodhnaithe iad – agus éiríonn siad níos milse in aghaidh an lae, de réir dealraimh! Díoladh iad den chéad uair sa Spáinn

anuraidh agus tá siad ar fáil in ollmhargaí Shasana ó mhí Eanáir 2022.



Ceaptar gur tháinig oinniúin ón Áise Láir, ón Iaráin nó ón bPacastáin agus gur saothraíodh iad tuairim is 5,000 bliain ó shin. Ba shiombail den tsíoraíocht iad i dtosach báire. Nuair a fuair an Rí Ramses IV, faró san Éigipt, bás sa bhliain 1160 BC, thángthas ar a chorp agus oinniún i ngach ceann dá logaill súile!

Sa Ghréig, le linn na chéad nhílaoise, d'itheadh lúthchleasaithe na gCluichí Oilimpeacha oinniúin roimh na comórtais, d'ólaidís sù oinniúin agus chuimlídís a gcoirp leo!

géinmhodhnaithe *genetically modified*
síoraíocht = beatha shíoraí, gan bás a fháil go deo
faró *pharaoh* logaill súile *eye socket*

Taighde!

Téigí ar líne chun an t-eolas seo a fháil:

- Cén meáchan a bhí san oinniún ba mhó riamh?
- Cé a dúirt, “Bíonn gruagaigh ar nós oinniún, Bíonn mórán sraitheanna iontu?”

Freagra ar an leathanach deireanach

gruagach *ogre*



Buille faoi thuairim!

- Is pearsa cháiliúil é.
- Tá cúigear páistí aige.
- Thosaigh sé ina ról mór le rá sa bhliain 2017.
- Rinne sé staidéar ar an mbitheolaíocht agus tá céim mháistreachta aige san eolaíocht.
- B' Aire Sláinte agus Aire Gnóthaí Eachtracha é ina thír féin.
- Tá an-suim ag an duine seo in *SEIF*, in eitinn maláire, in *Ebola* agus in *COVID-19*.
- Sa bhliain 2020 bhronn Coláiste Ríoga na Máinlia in Éirinn ánracht oinigh air.
- D'fheictí a aghaidh go minic ar fud na meán ó dheireadh na bliana 2019 ar aghaidh.
- I mí Eanáir 2022 dúirt an duine seo: “Tig linn deireadh a chur le géarchéim shláinte dhomhanda *COVID* agus is féidir linn é a dhéanamh i mbliana.”

Coláiste Ríoga na Máinlia *Royal College of Surgeons*
ánracht oinigh *honorary fellowship*

Ceisteanna

- 1 Cé hé/hí?
- 2 Cén ról atá aige?

Freagraí ar an leathanach deiridh

Óg, ach éirithe as

Ar Lá Fhéile Bríde i mbliana d'fhógair Pádraic Maher (33) go raibh sé ag éirí as an iománaíocht de bharr ghortú muiníl.



D'imir Pádraic lena chlub, Na Sáirséalaigh (Durlas) agus le Contae Thiobraid Árann, ag baint amach sé ghradam Sárímreoirí agus trí bhonn Chluiche Ceannais na hÉireann le linn a ré.



Dúirt Pádraic go raibh an cinneadh ag briseadh a chroí, ach go raibh sé á dhéanamh ar son a shláinte – ar chomhairle dochtúirí.

“Ní hé seo an deireadh a bhí uaim,” a scríobh sé i ráiteas a tháinig ó Chumann Lúthchleas Gael Thiobraid Árann. Luaigh sé gur mhór an onóir agus an phribhléid dó imirt le Tiobraid Árann ar feadh trí shéasúr déag. Rinne sé cairde iontacha, bhuail sé le daoine deasa agus tá cuimhní aige a fhanfaidh leis go deo. “Thug mé gach rud a bhí

ionam don gheansaí gorm agus órga,” ar seisean.

Ghabh sé buíochas leis “an bhfoireann sa chúlra” – na dochtúirí agus na fisiteiripeoirí – agus ghuigh sá ádh mór ar fhoireann na bliana seo.

Líon isteach an ghreille!

| | |
|------------------------------------|--|
| An laoch imeartha | |
| Aois (i bhfocail) | |
| Club | |
| Contae | |
| Dathanna a chontae | |
| Gradaim a bhuaigh sé | |
| An cinneadh a rinne sé | |
| Mothúcháin atá air faoin gcinneadh | |
| Daoine ar ghabh sé buíochas leo | |

Katie agus Amanda

Cá mbeidh tú Dé Sathairn 30ú Aibreán? Pé áit ina mbeidh tusa, beidh na sluaite i láthair in *Madison Square Garden*, Nua-Eabhrac, ag féachaint ar an gcomórtas dornálaíochta idir Katie Taylor agus Amanda Serrano as Pórtó Ríce.

Is í seo an chéad uair riamh a bheidh babhta idir bheirt bhan sa láthair

cháiliúil. Bhí an troid le bheith ar siúl i Manchain, Sasana, i mí na Bealtaine 2020, ach ar nós mórán imeachtaí eile, cuireadh ar ceal é de dheasca na paindéime.



Níor buadh riamh ar Katie mar sheaimpín éadrom-mheáchain ó bhuaigh sí in aghaidh Persoon, Gutierrez, Jonas, Han agus Sharipova.

“Is é seo an babhta is mó i stair dhornálaíocht na mban,” arsa Katie “agus is mór an phribhléid a bheith páirteach in ócáid stairiúil mar seo.”

Sárthaispeántas Leona

Scríobh Uachtarán na hÉireann, Mícheál D Ó hUigínn tuúit chuig Leona Maguire ar 6 Feabhra i mbliana – ag gabháil comhghairdis léi as a gaisce stairiúil tar éis di Comórtas *LPGA Drive On Championship* a bhuanach in Florida. An chéad Éireannach riamh a bhuaigh é!

D’aimsigh sí sé éinín, ag críochnú le 18 mbuille faoi bhun an phar sa chomórtas. Bhuaigh sí trófaí agus seic \$225,000. Seasann sí sa fichiú háit sa rangú domhanda anois.

Tá an eagraíocht *Golf Ireland* ag cur galf na mban chun cinn, go háirithe i gcampaí samhraidh na bliana seo – ag súil go mbeidh níos mó déagóirí

páirteach, go háirithe lucht na hidirbhliana. An nglacfaidh tú féin páirt?

éinín *birdie*

Líon isteach na litreacha cuí sna bearnaí anseo thíos. (Bain úsáid as leabharlann.ie nó as téarma.ie más gá.)



G - - l l a



M - - - d - g - - - - f



L - - - - r - - - d
ar an t -



b - - t
ar an
bp - - s ó g



p - - -
ar an
bp - - s ó g



buait - - - -
an
ch - - n

A thiarcais!

Ba dhlúthchairde iad Niamh agus Áine ón mbunscoil. Dhéanadís gach rud le chéile. Nuair a bhí siad óg chaithidís gach Satharn ag súgradh i dtithe a chéile agus, cúpla tráthnóna sa tseachtain, théidís go ranganna rince nó d'imridís spórt le chéile. An t-aon rud a chruthaigh easaontas eatarthu ná go raibh teach Niamh ar thaobh amháin den teorainn chontae agus teach Áine ar an taobh eile!

Chreid Niamh go daingean go raibh a contae ní b'fhearr ná contae Áine. Bhí sí cinnte de go raibh foirne a contae i bhfad ní ba sciliúla ag peil agus i bhfad Éireann chun tosaigh san iomáint. Ní raibh aon dabht aici ach go raibh canúint mhuintir a contae ní ba cheolmhaire, go raibh stair na háite ní ba shuimiúla agus go raibh cultúr an chontae ní ba shaibhre ná contae Áine. Go bunúsach, cheap Niamh go raibh a contae féin thar barr!

Ar ndóigh, chreid Áine nach raibh an ceart ag Niamh in aon chor. Thaitin a contae féin léi. Bhí an radharcra go hálainn ann. Chloistí ceol agus amhránaíocht den scoth ann.

Thaistealaíodh na mílte timpeall a contae le linn an tsamhraidh. Bhí ciúnas agus síochán sa chontae, ní raibh sé truaillithe ná gnóthach agus bhí muintir na háite an-chairdiúil. Go bunúsach, cheap Áine go raibh a contae féin thar barr!

Oíche amháin agus iad ocht mbliana déag d'aois, d'fhreastail Niamh agus Áine ar choinne chéad aithne. Bheidís ag bualadh le beirt bhuachaillí sa láthair chéanna, ach bheadh Niamh ag dul chuig an mbeár – agus Áine ag dul go dtí an bhialann.

Roimh dhul isteach shocraigh siad ar dhá phlean. Bhí siad chun 'Plean A' a scríobh i dteachtaireacht téacs chuig a chéile dá dteastódh ó dhuine acu dul abhaile nó 'Plean B' dá dteastódh uathu labhairt lena chéile le linn na coinne. Ghuigh siad ádh mór ar a chéile ag an doras agus isteach leo.

Nuair a chonaic Niamh a buachaill ag an mbeár, ba bheag nár thit a hanam aisti, mar bhí sé gléasta i ngeansaí chontae Áine! Díreach ansin tháinig teachtaireacht ar a fón ó Áine a dúirt "Plean B, go tapa!"



Amach léi chun bualadh le hÁine, a dúirt go raibh a bhuachaill, a bhí sa bhialann, gléasta i ngeansaí chontae Niamh!

Bhris siad beirt amach sna trithí gáire!

Cuirigí críoch leis an scéal anois!


Críoch an údair

Ní raibh fonn ar Niamh dul ar ais go dtí an buachaill a bhí ag fanacht léi sa bheár agus ní raibh Áine sásta dul ar ais go dtí an buachaill a bhí ag fanacht léi sa bhialann. Bhí siad beirt ródhílis dá contaetha féin! Chinn siad go malartóidís buachaillí! Ní raibh insint ar an áthas a bhí ar gach cailín díobh agus iad ag dul i dtreo an bhuachalla a chaith geansaí an chontae ab ansa leo!


Athletico Bilbao – Anagramaim

sacar; foireann; polasaí; ceantar;
corn; tuaisceart; éirigh; dochreidte;
léig

Margairín



Madraí cáiliúla




Tráth na gceist - Freagraí

- 1 Dhá chéad tríocha is a haon chiliméadar (231 cm)
- 2 Caoga a ceathair pointe a sé a ceathair ciliméadar (54.64 cm)
- 3 Sé chéad tríocha is a cúig chileagram (635 kg)
- 4 Ceithre bliana is fiche d'aois
- 5 Míle aon chéad is a haon déag méadar. (1,111 m)
- 6 Aon mhíle ochtó is a hocht nduine
- 7 Seasca is a sé mharatón
- 8 Ocht gcéad seachtó is a naoi lá (879 lá)
- 9 Ceithre mhíle ocht gcéad méadar (4,800 méadar)
- 10 Céad seasca is a naoi dollar (169\$)




An Cuan



Rac-cheol tíre den scoth




Chuck Taylors!




Freagra na ceiste?



Is olc a chreidim é!



Déagóir uailmhianach



An peann is sine in Éirinn (anagram)

*seandálaí tochailt caiseal
tumpheann cnámh cleití
macasamhail*

Taighde!

- Cén meáchan a bhí san oinniún ba mhó riamh? **8.5 cileagram**
- Cé a dúirt, “Bíonn gruagaigh ar nós oinniún, Bíonn mórán sraitheanna iontu”? **Shrek**

Taighde!

- 3 Cé hé/hí?
- 4 Cén ról atá aige?
- 1 Tedros Adhanom Ghebreyesus
- 2 Príomhstiúrthóir, Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (*WHO*)

Katie agus Amanda

Cró, babhta, cúinne, cosaint fiacla, meáchan, allas, buille, gortú, cloigín

